


Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2023-2029



CLÁR ÁBHAR

Réamhrá agus Clár Ábhar	2
Cén fhís atá agat d'Fhine Gall sa bhliain 2029?	3
An Plean a Threorú – an comhthéacs beartais straitéisigh	6
Téama 1: Na Daoine agus an Áit	7
Téama 2: Gníomhú ar son na hAeráide	9
Téama 3: Nascacht agus Gluaiseacht	11
Téama 4: Fostaíocht, Geilleagar agus Aerfort Bhaile Átha Cliath	13
Téama 5: Oidhreacht Chultúrtha	15
Téama 6: Bonneagar Glas agus Oidhreacht Nádurtha	17
Téama 7: Bonneagar agus Fónais	19
Measúnacht Timpeallachta	21
Seimineáir Ghréasáin	21
Coinnigh ar an Eolas	21
Conas aighneacht a dhéanamh	23



RÉAMHRÁ

Tá ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, ag gníomhú dó mar threoirphlean le haghaidh fhorbairt Fhine Gall ón taobh fisiciúil, eacnamaíoch agus sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de. Tá athbhreithniú ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2017 - 2023 atá ann cheana i gceist leis an bpróiseas, ina leagfar amach an straitéis fhoriomlán le haghaidh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe Fhine Gall thar thréimhse sé bliana go dtí an bhliain 2029.

Tá an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha á dhéanamh le linn tréimhse dhúshlánach gan fasach de bharr na n-éifeachtaí a bheidh ag paindéim an choróinvírís, ag an athrú aeráide agus ag an mBreathimeacht. Mar sin féin, tá na dúshlán sin ina ndeiseanna freisin dúinn cur lenár bhfís chun 'an áit ar cheart do dhaoine cónaí, obair agus gnó a dhéanamh ann agus cuairt a thabhairt air' a dhéanamh d'Fhine Gall.

Tugtar forbheathnú sa leabhrán faisnéise seo ar na príomh-shaincheisteanna pleanála agus forbartha i bhFhine Gall agus tá sé mar aidhm leis díospóireacht a spreagadh i measc an phobail ar na saincheisteanna leathana ba cheart a chur san áireamh sa Phlean nua.



Molaimid duit é a léamh agus molaimid duit freisin dul chuig www.fingal.ie/developmentplan chun breathnú ar an bPáipéar Saincheisteanna Straitéiseacha. Tugaimid cuireadh duit freisin do thuairimí a chur in iúl dár bhFoireann Pleanála trí aighneacht a dhéanamh ag www.consult.fingal.ie. Cabhróidh d'aighneacht go mór leis an bhfoireann sin an Dréacht-Phlean Forbartha 2023-2029 a ullmhú

An Comh. Daithí Ó hÉalaithe
Méara Fhine Gall

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach

CÉN FHÍS ATÁ AGAT D'FHINE GALL SA BHLIAIN 2029?

Is é foilsíú an leabhráin seo, a bhfuil Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha (atá ar fáil ag www.fingal.ie/developmentplan) ag gabháil leis, an chéad chéim i bPlean Forbartha Fhine Gall a chur le chéile. Tugtar forbhreachnú sa doiciméad comhairliúcháin seo ar na príomh-shaincheisteanna pleanála agus forbartha i bhFine Gall agus tá sé mar aidhm leis díospóireacht a spreagadh i measc an phobail ar na saincheisteanna leathana ba cheart a chur san áireamh sa Phlean nua.

Tá Plean Forbartha Fhine Gall ina dheis don phobal i gcoitinne Fine Gall a mhúnlú don todhchaí agus 'do thuairimí a chur in iúl' ar shaincheisteanna tábhachtacha amhail tithíocht, forbairt gheilleagrach, an pobal agus oidhreach. Cuid ríthábhachtach de rath an Phlean is ea d'ionchur sa phróiseas seo ar na fadhbanna 'mórfhictiúir' atá le sárú i bhFine Gall.

Insítear duit sa leabhrán seo conas is féidir leat do chuid tuairimí ar gach ceann nó roinnt de na fadhbanna sin a chomhroinnt. Fáiltímid roimh thuairimí ó gach duine, lena n-áirítear daoine óga, leanaí agus na daoine sin a dhéanann ionadaíocht do leanaí. Tá Plean Forbartha Fhine Gall ina dhoiciméad poiblí ina leagtar amach an fhís d'fhorbairt Fhine Gall thar thréimhse an Phlean, agus comhlíonadh an bheartais náisiúnta agus réigiúnaigh á chinntiú ag an am céanna.



Is é seo an chéad cheann de thrí dheis a bheidh agat thar dhá bhliain rannchuidiú leis an bPlean Forbartha nua a chruthú. Tá do rannpháirtíocht tábhachtach dúinn. Dá bhrí sin, tugaimid cuireadh do chónaitheoirí, do phobail, d'eagraíochtaí ionadaíocha, do ghnólachtaí agus do dhaoine eile a dtuairimí ar fhorbairt ár gcontae sa todhchaí a chur in iúl. Cabhraigh linn pleanáil le haghaidh thodhchaí Fhine Gall mar áit iontach chun Cónaí, Obair agus Gnó a Dhéanamh ann agus chun Cuairt a Thabhairt air.

Tabharfar aghaidh sa Phlean Forbartha seo ar shaincheisteanna straitéiseacha faoi na seacht bpríomhthéama seo a leanas:



TÉAMA 1: NA DAOINE AGUS AN ÁIT



TÉAMA 2: GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE



TÉAMA 3: NASCAHT AGUS GLUAISEAHT



TÉAMA 4: FOSTAÍOCHT, GEILLEAGAR AGUS AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH



TÉAMA 5: OIDHREACT CHULTÚRTHA



TÉAMA 6: BONNEAGAR GLAS AGUS OIDHREACT NÁDÚRTHA



TÉAMA 7: BONNEAGAR AGUS FÓNTAIS

Tá tús eolais ar gach ceann de na Téamaí ar fáil sa leabhrán seo agus tá scrúdú níos mine ar gach Téama ar fáil ag:



www.fingal.ie/developmentplan



AN PLEAN A THREORÚ - AN COMHTHÉACS BEARTAIS STRAITÉISIGH

Ón uair a glacadh Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 i leith, eisíodh roinnt doiciméad beartais nua le haghaidh pleanáil úsáide talún agus le haghaidh forbartha in Éirinn. Tá an Plean Forbartha ina chuid d'ordlathas pleananna agus ceanglaítear air Croístraitéis a bheith aige. Ní mór an Plean, a Chroístraitéis agus a chuspóirí a bheith comhsheasmhach le Straitéisí Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Éire 2040 – Ár bPlean - An Creat Náisiúnta Pleanála

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála fíis straitéiseach ardleibhéal an Rialtais le haghaidh fás agus forbairt sa tír ar fad sa todhchaí a mhúnlú thar thréimhse 20 bliain. Tá díriú an-soiléir ag an gCreat Náisiúnta Pleanála ar fhás dlúth a bhaint amach agus, rud ba shonraí fós, ar fhorbairt inlíonta athfhorbraíochta lena spreagar níos mó daoine, níos mó post agus níos mó gníomhaíochta go ginearálta laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh ná láithreáin úrnua nua. Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála freisin go rannchuidíonn limistéir thuaithe go hollmhór le féiniúlacht na hÉireann agus leis an bhforbairt náisiúnta fhoriomlán ón taobh eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha de agus ó thaobh an chomhshaoil de.

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019 – 2031

Sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, leagtar plean straitéiseach agus creat infheistíochta amach chun forbairt a mhúnlú agus pleanáil a bhainistiú sa Réigiún. Tá trí phrionsabal leathana mar bhonn agus thaca ag an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, mar atá Comhforbairt Áite Shláintiúil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Deiseanna Eacnamaíocha, agus cuirfear na prionsabail sin ar áireamh i ngach gné dár bPlean Forbartha nua.

Tá an straitéis fairs don Réigiún ag tacú le fás inbhuanaithe leantach Bhaile Átha Cliath agus lena aistriú ina réigiún atá ar bheagán carbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus íogair ó thaobh an chomhshaoil de, i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, atá ina chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Sa Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, treoraítear fás todhchaíoch chuig conairí cónaithe agus fostaíochta straitéiseacha sainaitheanta.

Tugtar aitheantas sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do láthair straitéiseach Shoard de bharr a ghaireachta do Chathair Bhaile Átha Cliath, d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, don ghréasán bóithre náisiúnta agus do MetroLink. Aithnítear go sonrach é mar cheann amháin de na trí 'Phríomhbhaile' i limistéar an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha. Rud eile atá ábhartha d'Fhine Gall is ea 'Conair MetroLink – LUAS' lena nasctar Sord agus Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig Cathair Bhaile Átha Cliath agus chuig 'Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste', a aithnítear mar nasc straitéiseach eile.

Pleananna, Straitéisí agus Doiciméid Eile

Treorófar ár bPlean Forbartha nua le pleananna, straitéisí agus treoidhoiciméid náisiúnta thábhachtacha eile, lena n-áirítear an Plean Gnímh náisiúnta don Aeráid 2019, Plean Gnímh Fhine Gall don Athrú Aeráide 2019-2024, an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 ón Údarás Náisiúnta Iompair, 'Foirgníocht 2020: Straitéis le haghaidh Earnáil Foirgníochta Athnuaithe' (2014), 'Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine' (2016) agus na Treoirínte Pleanála Reachtúla uile.



TÉAMA 1: NA DAOINE AGUS AN ÁIT



Tá daonra atá óg, beoga agus ag fás ag Fine Gall. De réir mar a leanann an Contae ar aghaidh ag fás go mór, is bunriachtanas é go mbeidh soláthar agus éagsúlacht leordhóthanach cineálacha tithíochta, méideanna tithíochta agus tionachtaí tithíochta ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí atá ann san am i láthair agus a bheidh ann san am atá le teacht.

Féachfar sa Phlean Forbartha le fás dlúth a chur chun cinn agus ríochtaí poiblí agus comharsanachtaí dea-dheartha ar ardchaighdeán a sholáthar, agus á chinntiú ag an am céanna go ndéanfar limistéir thábhachtacha oidhreachta agus thuithe Fine Gall a chaomhnú agus a chosaint.

Tosaíocht do Chomhairle Contae Fhine Gall fós is ea spásanna an Chontae amuigh faoin spéir. Foilsíodh an Chéad Straitéis don Spás Oscailte sa bhliain 2015 agus tá sé mar aidhm léi an spás oscailte a fheabhsú trí bhainistíocht níos fearr agus chun caighdeán cháilíochtúla a leagan amach le haghaidh spásanna oscailte a sholáthar san am i láthair agus san am atá le teacht mar chuid de Bhonneagar Glas.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Conas ba cheart do Phlean Forbartha Fhine Gall nua fás dlúth a chur chun cinn laistigh dá lonnaitheoirí ar aon dul leis an treoir náisiúnta agus réigiúnach?
- ➔ Cén áit ar cheart tithíocht nua a sholáthar chun freastal ar an éileamh, gan an tsraoilleáil uirbeach a mhéadú ag an am céanna, agus chun fás inbhuanaithe comhdhlúite a chinntiú?
- ➔ Conas ba cheart don Phlean Forbartha athléimneacht (i.e. cumas chun freagairt d'athruithe, lena n-áirítear an tAthrú Aeráide) a chur chun cinn inár n-ionaid uirbeacha agus tuaithe?
- ➔ Cé na cineálacha tithe a theastaíonn chun freastal ar an éileamh sa todhchaí? Conas ba cheart don Phlean nua roghanna tithíochta a chinntiú do gach cónaitheoir?
- ➔ Cé na spásanna poiblí a thaitníonn leat agus cén fáth? Cé na cineálacha spásanna poiblí nua ba cheart a sholáthar?
- ➔ Conas ba cheart don Phlean Forbartha a chinntiú go soláthrófar bonneagar sóisialta agus pobail (e.g. scoileanna, creiseanna, ionaid phobail agus ionaid spóirt, etc.) i limistéir chónaithe nua?
- ➔ Conas a d'athraigh d'eispéireas i ngéarchéim Covid-19 an tuairim atá agat ar na spásanna poiblí agus na saoráidí poiblí? An bhfuil aon smaointe agat faoi conas ba cheart iad a fhorbairt sa todhchaí?
- ➔ Conas ba cheart do Phlean Forbartha Fhine Gall nua tacú le bealaí nua oibre? An bhfuil gá ann le moil oibre a sholáthar laistigh den phobal?
- ➔ Ar cheart béim mhéadaithe a leagan ar inrochtaineacht uilíoch fheabhsaithe?
- ➔ Conas ba cheart don Phlean Forbartha nua a chinntiú go gcuirfidh spásanna amuigh faoin spéir feabhas ar an tSláinte agus an Fholláine agus ar an mBraistint Phobail do shaoránaigh Fhine Gall?



TÉAMA 2: GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE



Is fadréimseach atá na tosca taobh thiar den Athrú Aeráide agus atá na héifeachtaí atá aige agus baineann na tosca sin le roinnt mhaith saincheisteanna eile a ndéanfaidh an chéad Phlean Forbartha eile eolas dóibh. Beidh Gníomhú ar son na hAeráide ina théama lárnach agus ina shíorthóisc/shíorphrionsabal fud fad an chéad Phlean Forbartha eile. Is é an toradh a bheidh ar chomharsanachtaí a bhfreastalaítear go maith orthu a sholáthar go gcinnteofar tréscailteacht agus timpeallacht tharraingteach siúil agus rothaíochta, rud a laghdóidh an spleáchas ar charranna agus 'a chabhróidh' le fadhb an Athraithe Aeráide a réiteach.

Trína chuid beartas agus cuspóirí a chur chun feidhme, comhlíonfaidh an chéad Phlean Forbartha eile ról tábhachtach in aghaidh a thabhairt ar riachtanais maidir le maolú agus le hoiriúnú agus aistriú i dtreo contae athléimneach ísealcharbóin a bhaint amach. Ní mór an Plean a bheith in ann astaíochtaí carbóin agus drochéifeachtaí an Athraithe Aeráide a laghdú trí chur chun cinn a dhéanamh ar fhás dlúth uirbeach, ar iompar inbhuanaithe agus ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo creimeadh cósta agus tuilte a íoslaghdú, an bonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a bhreisiú, úsáid fuinnimh a íoslaghdú, caomhnú fuinnimh agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, agus soláthar a dhéanamh do bhainistíocht éifeachtach ár n-acmhainní chun a chinntiú go laghdófar ár lorg coise carbóin.

Tá an creimeadh cósta ag dul i bhfeidhm ar Fhine Gall le fada agus tá an fhadhb sin ag leanúint ar aghaidh fós. Cuireadh Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta maidir le Bainistíocht um Athrú Cósta ar bun agus thionóil sé an chéad chruinniú dá chuid i mí Mheán Fómhair 2020. Cuirtear de chúram ar an nGrúpa breithniú a dhéanamh ar straitéis chomhtháite um Athrú Cósta a fhorbairt. Tar éis iad a fhoilsiú, beidh na moltaí sin ina gcuid thábhachtach d'aon Bheartas maidir le Bainistíocht um Athrú Cósta a chuirtear ar áireamh sa Phlean Forbartha.




CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha déileáil leis na dúshláin a bhaineann leis an Athrú Aeráide chun aistriú Fhine Gall ina shochar ísealcharbóin a éascú?
- ➔ An bhfuil aon bheartais shonracha agus aon chuspóirí sonracha ann i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide ar mhaith leat go gcuirfí ar áireamh iad sa chéad Phlean Forbartha eile?
- ➔ Maidir le húsáid talún, cé na príomhghníomhartha is féidir linn a dhéanamh chun éifeachtaí an Athraithe Aeráide a laghdú?
- ➔ Cé na caighdeáin forbartha ba cheart a thabhairt isteach chun cabhrú le Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun cinn agus a sholáthar trí bhainistíocht forbartha?
- ➔ Cé na beartais nó na cuspóirí ba cheart a thabhairt isteach chun cabhrú le hastaíochtaí ar fud an chontae a laghdú?
- ➔ Conas ba cheart dúinn ár limistéir chósta a bhainistiú de réir mar a leanann daonra Fhine Gall de bheith ag fás?



TÉAMA 3: NASCACHT AGUS GLUAISEACHT



Déanann an éascaíocht trína mbogann daoine thart difear dearfach do cháilíocht ár mbeatha agus treisíonn sí tarraingteacht Fhine Gall mar áit ar féidir cónaí agus obair ann agus cuairt a thabhairt air. Príomhaidhm de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall is ea bailte, sráidbhailte agus pobail a bhfreastalaítear go maith orthu agus atá dea-nasctha a sholáthar.

Beidh sé mar aidhm leis an bPlean éascaíocht gluaiseachta ar fud Fhine Gall a chur chun cinn trí limistéir fhorbartha atá ann cheana agus na limistéir sin a sainathníodh le haghaidh fais agus nascacht ar ardchaighdeán a chomhtháthú agus a bhreisiú trí chosáin, saoráidí leithscartha rothaíochta, córais iompair phoiblí agus bóithre a sholáthar.

Fianaise ar thiomantas Fhine Gall don aidhm sin a bhaint amach atá i gcineálacha cur chuige beartais a glacadh le déanaí, lena n-áirítear rannpháirteachas gníomhach le pobail, scoileanna, gnóilachtaí agus geallsealbhóirí eile chun tionscnaimh athraithe iompraíochta a chur i gcrích.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Ghall ar aghaidh ag obair i gcomhar le soláthraithe iompair ábhartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail thábhachtacha iompair phoiblí amhail MetroLink, BusConnects agus leathnú DART agus LUAS a sainathníodh le haghaidh Fhine Gall.

Cuirfidh sé sin ar chumas Fhine Gall na cuspóirí eacnamaíochta, comhshaoil agus cáilíocht beatha atá aige a chomhlíonadh gan an bonn a bheith á bhaint dá rath fadtéarmach mar thoradh ar phlódú tráchtá agus ar thruailliú. Baineann rithábacht le conairí straitéiseacha aeir, bóithre agus iarnróid Fhine Gall a chosaint agus a bhreisiú ar bhonn leantach le haghaidh rathúnas an chontae sa todhchaí, go háirithe i dtimpeallacht iar-Bhreatimeachta.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Cé na príomhfhadhbanna nascachta agus gluaiseachta i bhFhine Gall a théann i bhfeidhm ar oibrithe, ar chónaitheoirí agus ar chuirteoirí?
- ➔ Conas is féidir linn taisteal ar fud Fhine Gall a éascú?
- ➔ Conas is féidir linn comhordú feabhsaithe a chinntiú idir úsáid talún agus bonneagar iompair chun forbairt níos inbhuanaithe a bhaint amach?
- ➔ Conas is féidir linn siúl, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí a mhéadú agus an spleáchas ar charranna a laghdú?
- ➔ Conas is féidir feabhas a chur ar shábháilteacht rothaithe agus coisithe? Cé na bearta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach?
- ➔ Conas is féidir feabhas a chur ar iompar tuaithe agus ar inrochtaineacht tuaithe?
- ➔ Cé na príomhthosaíochtaí maidir le freastal ar riachtanais soghluaisteachta gach saoránaigh ar bhealach cothrom cuimsitheach?
- ➔ Ar cheart dúinn úsáid níos mó a bhaint as scéimeanna pobail um chomhroinnt carranna agus rothar? Cé na bearta soghluaisteachta eile a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun úsáid carranna a laghdú?
- ➔ I do thuairim féin, cé na príomhthosaíochtaí maidir le feabhas a chur ar an nascacht straitéiseach atá ag Fhine Gall trína chonairí aeir, bóithre agus iarnróid?
- ➔ Conas is féidir linn astaíochtaí dochracha ón iompar a laghdú?



TÉAMA 4: FOSTAÍOCHT, GEILLEAGAR AGUS AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH



Féachfar i bPlean Forbartha Fhine Gall le fás atá inbhuanaithe, iomaíoch, cuimsitheach agus athléimneach a bhaint amach. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht, idir Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus infheistíocht dhúchasach, agus ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí amhail Oifigí Fiontair Áitiúil, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chun a chinntiú go soláthrófar poist ar ardchaighdeán sna suíomhanna cearta. Leanfar ar aghaidh ag tacú leis an ngeilleagar tuaithe agus le Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste trí na cuspoirí agus na beartais sa Phlean Forbartha.

Beidh nascacht Aerfort Bhaile Átha Cliath ina rud tábhachtach fós d'fhorbairt gheilleagrach na hÉireann, lena n-áirítear trádáil, turasóireacht, infheistíocht dhíreach eachtrach agus cinntí ar ghnólachtaí a shuíomh, agus leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag tacú le forbairt gheilleagrach ag an suíomh straitéiseach sin. Bainfidh ríthábhacht leis an miondíol agus le téarnamh na hearnála miondíola. Beidh an athghiniúint agus an t-ómós áite ina bpríomhthosca den Phlean Forbartha chun a chinntiú go gcruthóimid áiteanna sábháilte tarraingteacha ar féidir le daoine cónaí agus obair iontu agus chun a chinntiú go mbainfear an leas is mó is féidir as tailte. Bainfidh ríthábhacht le tírdhreach agus oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae a chosaint agus is cuid lárnach den aidhm sin a bhaint amach a bheidh san obair sin a chothromú le leathnú agus cur chun cinn na turasóireachta inár limistéir thuaithe agus uirbeacha.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha Fhine Gall a chur chun cinn mar áit an-tarraingteach?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha tacú le gnólachtaí atá ann cheana agus fás geilleagrach a chur ar aghaidh ar fud an chontae?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha a chinntiú go bhforbraítear acmhainneacht ár ndaoine óga agus go gcoinnítear i bhFine Gall iad?
- ➔ An bhfuil aon earnálacha ríthábhachtacha den gheilleagar ann ar dóigh leat go bhféadfaí/gur cheart iad a lonnú i bhFine Gall?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha tacú le hathghiniúint ár mbailte agus ár sráidbhailte?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha tacú leis na cleachtais oibre nua ar tháinig athrú mór orthu de bharr Covid-19?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha tacú le téarnamh na hearnála miondíola?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha an chuid is fearr a bhaint as acmhainneacht na hearnála turasóireachta i bhFine Gall?



TÉAMA 5: OIDHREACTH CHULTÚRTHA



Tá ag Fine Gall féiniúlacht an-speisialta atá bunaithe ar phobal agus traidisiún atá idircheangailte lenár n-oidhreacht shaibhir cósta, tuaithe, bailte agus sráidbhailte. Cuimsíonn sí ár n-oidhreacht traidisiún, amhránaíochta agus teanga a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Ní hé amháin go gcosnóidh bainistíocht inbhuanaithe ár n-oidhreachta cultúrtha ár láithreáin seandálaíochta, ár dtithe stairiúla, ár dtírdhreacha, ár n-imeallbhord agus ár dtraidisiúin, ach tacóidh sí leis an turasóireacht agus leis an bhfóillíocht agus cuirfidh sí an fholláine chun cinn freisin. Tá sé mar dhúshlán orainn aghaidh a thabhairt ar thionchar an Athraithe Aeráide ar ár sócmhainní oidhreachta, brúnna forbartha a chothromú le cosaint, agus a chinntiú go mbeidh caidreamh ag na glúnta atá le teacht lenár n-acmhainn oidhreachta uathúil.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Conas is féidir linn an acmhainn oidhreachta a chosaint ar an mbealach is fearr ar éifeachtaí díobhálacha an Athraithe Aeráide?
- ➔ Conas is féidir linn an gá le forbairt nua a chothromú le hacmhainn oidhreachta Fhine Gall a chosaint agus a fheabhsú?
- ➔ Cé na beartais agus/nó na dreasachtaí ar dóigh leat gur féidir leo athghiniúint atá faoi threoir na hoidhreachta agus coinneáil agus athúsáid foirgneamh traidisiúnta agus stairiúil a spreagadh?
- ➔ An féidir linn ár n-acmhainn seandálaíochta a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr chun tairbhe do phobal áitiúla agus chun turasóirí a mhealladh?
- ➔ Conas is féidir an teicneolaíocht a úsáid chun cabhrú le haird turasóirí a tharraingt ar an acmhainn oidhreachta?
- ➔ Conas is féidir linn rannpháirtíocht san oidhreacht - idir rannpháirtíocht fhisiciúil, rannpháirtíocht phraiticiúil agus rannpháirtíocht fhíoriúil - a leathnú i measc spriocphobail dhifriúla agus pobail nua?
- ➔ An bhfuil aon bhealaí ann inar féidir a chinntiú go gcomhroinnfear leis na glúnta atá le teacht an oidhreachta dholáimhsithe atá ag Fine Gall ó thaobh traidisiún, béaloidis, teanga agus amhránaíochta de?
- ➔ An bhfuil aon fhoirgnimh aonair nó aon ghrúpaí foirgneamh, aon Láithreáin Oidhreachta Tionsclaíche agus aon sainghnéithe ann ar cheart iad a chur leis an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta nó ar cheart iad a ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta? An féidir leat a mhíniú cén fáth a gcreideann tú go bhfuil tábhacht ag baint leis na foirgnimh, na láithreáin nó na limistéir sin?



TÉAMA 6: BONNEAGAR GLAS AGUS OIÐHREACHT NÁDÚRTHA



Is féidir a rá gurb ionann Bonneagar Glas agus líonra beartaithe limistéar nádúrtha idircheangailte amhail páirceanna, aibhneacha agus spásanna oscailte a chabhraíonn le feidhmeanna éiceachórais nádúrtha a chaomhnú. Is é an toradh atá ar phleanáil Bonneagair Ghlais go gcruthaítear tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta trí réitigh dhúlra bhunaithe a sholáthar ar chuspóirí forbartha.

Tá acmhainn shuibhir bithéagsúlachta ag Fine Gall de bharr an chósta, na tuaithe agus na n-ionad uirbeach atá lonnaithe ann. I measc bhuntáistí na bithéagsúlachta tá na tairbhí sláinte atá le gnóthú ó theagmháil leis an dúlra agus na gnóthachain eacnamaíocha do ghnóilachtaí áitiúla a thugann faoi tháirgeadh bia agus faoi ghníomhaíochtaí amuigh faoin spéir.

Tá Líonra Éiceolaíochta Fhine Gall comhdhéanta de chroílímistéir chaomhantais dúlra, de chriosanna maolánacha agus de limistéir forbartha dúlra. Tá sé mar dhúshlán orainn an contae a fhorbairt ar bhealach a dhéanann an bithéagsúlacht a chothabháil agus a bhreisiú le haghaidh na nglúnta atá le teacht.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Conas ba cheart don Phlean Forbartha Bithéagsúlacht Fhine Gall a chosaint agus a fheabhsú?
- ➔ Cad ba mhaith leat a fheiceáil sa Phlean Forbartha i ndáil le Crainn, Fálta Sceach agus Coillearnach i do limistéar?
- ➔ Conas is féidir linn a chinntiú nach ndéanfaidh obair forbartha aon damáiste do thírdhreacha áille i bhFine Gall?
- ➔ Conas ba cheart dúinn ár limistéir chósta a bhainistiú de réir mar a leanann daonra Fhine Gall de bheith ag fás?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha cur leis na tairbhí Sláinte agus Folláine a ghabhann le limistéir amuigh faoin spéir?





TÉAMA 7: BONNEAGAR AGUS FÓNTAIS



Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do sheirbhísí bonneagair a chur ar fáil agus a sholáthar de réir a sainchúraim reachtúil, rud a chuirfidh feabhas ar cháilíocht thimpeallacht an chontae agus a éascóidh forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus tithíocht. Ní mór creat a chur i bhfeidhm leis an bPlean Forbartha atá le teacht, ar creat é lena ndéanfar bonneagar fisiciúil ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a sholáthar chun go mbeifear in ann dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann ar bhonneagar leordhóthanach uisce a sholáthar ar bhealach tráthúil. Maidir leis an riosca tuile a laghdú, ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall forbairt a stiúradh amach ó thuilemhánna agus ó limistéir chósta atá tugtha do thuilte.

Is dúshlán fós í an acmhainn dramhaíola le haghaidh cóireála, téarnaimh, diúscartha agus easpórtála. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag cabhrú le reachtaíocht náisiúnta agus beartas bainistíochta dramhaíola a chur chun feidhme agus tacóidh sí le haistriú i dtreo Geilleagar Ciorclach a bhaint amach.

Tacóidh an Plean Forbartha nua le beartais a chur ar áireamh lena gcuirfear forbairt atá níos tíosaí ar fhuinneamh chun cinn trí thithíocht agus fostaíocht a lonnú feadh conairí iompair phoiblí, áit ar féidir le daoine úsáid a bhaint as iompar poiblí nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh in ionad spleáchas a bheith acu ar an gcarr.

Áireofar leis an bPlean Forbartha beartais a bhfuil mar aidhm leo reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus an reachtaíocht náisiúnta maidir le haer agus torann a chur chun feidhme agus molfar ann go gcuirfí Plean Réigiún Bhaile Átha Cliath um Cháilíocht an Air a Bhainistiú (nó aon phlean ina dhiaidh sin) chun feidhme ar mhaithe le cáilíocht ár n-aer a chaomhnú agus a fheabhsú. Áireofar leis freisin bearta a bhfuil mar aidhm leo tacú leis na gníomhartha a chuirtear ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2019-2023 d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus i bPlean Gníomhaíochta Fhine Gall in aghaidh Torainn, ar pleananna iad atá leithleach óna chéile, agus na bearta sin a chur chun feidhme.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta dár mbonneagar digiteach a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn leantach agus is rud ríthábhachtach d'fhorbairt ár ngeilleagair a bheidh i bhfáil leathan ar líonra TFC ar ardchaighdeán a bheith ann, agus tacaíocht á tabhairt d'fhorbairt shóisialta ag an am céanna.



CEISTEANNA LE BREITHNIÚ

- ➔ Cén bonneagar fisiciúil a theastaíonn chun tacú le daoine a chónaíonn i bhFine Gall, le daoine a oibríonn i bhFine Gall agus le daoine a thugann cuairt ar Fine Gall?
- ➔ Conas is féidir le Plean Forbartha Fhine Gall tacú le modhanna níos nuálaí le haghaidh cóireáil dramhaíola, laghdú dramhaíola, athchúrsáil agus athúsáid fuinnimh?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha tacú le teicneolaíochtaí nua giniúna fuinnimh agus iad a fhorbairt ar an mbealach is fearr?
- ➔ Conas is féidir leis an bPlean Forbartha feabhas a chur ar nascacht dhigiteach i do limistéar?

MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Gné ríthábhachtach den phróiseas is ea measúnachtaí timpeallachta a dhéanamh ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029, ar lena linn a fhéachtar ar na tionchair thimpeallachta a d'fhéadfadh teacht as beartais agus cuspóirí a chur chun feidhme.

Tá sé mar aidhm le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ardleibhéal cosanta a thabhairt don timpeallacht agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí rannchuidiú le tosa timpeallachta a chomhtháthú isteach in ullmhú an Phlean Forbartha agus ina ghlacadh. Leagtar amach i dTreoir 2001/42/CE ón Aontas Eorpach na forálacha maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

Is é is Measúnacht Chuí ann ná measúnacht a dhéantar de réir Airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir 92/43/CEE ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga ar na himpleachtaí a bheidh ag an bplean, go leithleach nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, do láithreáin chaomhantais chosanta (láithreáin Natura 2000). Ní fhéadfar an Plean Forbartha a ghlacadh ach amháin i gcás nach ndéanfaidh sé aon dochar d'iomláine láithreán Natura 2000.

CRIOSÚ

Ag an gcéim seo de phróiseas an Phlean Forbartha, ní bhreithnímid aon saincheisteanna atá sonrach don láithreán, amhail talamh a chriosú chun aon chríche. Breithneoidimid na nithe sin le linn chéim an chomhairliúcháin ar an Dréacht-Phlean.



SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, seolfaimid sraith seimineár Gréasáin faisnéise poiblí ar roinnt de na príomhthéamaí. Déanfar mionsonraí faoi conas logáil isteach sna seimineáir Ghréasáin sin a phostáil ar ár suíomh Gréasáin agus ar ár gcainéil mheán sóisialta agus cuirfead taifeadtaí ar gach seimineár Gréasáin ar fáil ar www.fingal.ie/developmentplan



COINNIGH AR AN EOLAS

Is féidir leat coinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an Phlean Forbartha trí na foinsí seo a leanas:



Suíomh Gréasáin an Phlean Forbartha:
www.fingal.ie/developmentplan



Fógraí nuachtáin



@fingalcoco



Fingal County Council



Fingal County Council



Fingalcountycouncil



CONAS AIGHNEACHT A DHÉANAMH

Is féidir leat aighneacht a dhéanamh ar líne nó tríd an bpost. Déan é sin roimh 11.59pm Dé Céadaoin an 12 Bealtaine 2021. Ní féidir linn glacadh le haighneachtaí déanacha. Glacfar le haighneachtaí ó gach duine (lena n-áirítear grúpaí óige, leanaí, agus na daoine sin a dhéanann ionadaíocht do leanaí) ag gach céim comhairliúcháin phoiblí ar Phlean Forbartha Fhine Gall.



Chun aighneacht a dhéanamh ar líne, téigh chuig:
www.consult.fingal.ie



Is féidir leat aighneacht scríofa a sheoladh tríd an bpost freisin chuig:

**Foireann an Phlean Forbartha,
An Rannóg Pleanála
agus Bonneagair Straitéisigh,
Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae,
An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath,
K67X8Y2.**



CONAS AIGHNEACHT FHÓINTEACH A SCRÍOBH

Scríobh aighneachtaí gearra atá dírithe ar cheann amháin nó níos mó de na seacht bpríomhthéama. Má tá d'aighneacht fada, scríobh achoimre ar do phríomhphointí i dtús d'aighneachta. Ní gá duit na saincheisteanna uile a phlé. Ná pléigh ach na cinn a bhfuil spéis agat iontu. Tabhair d'ainm agus do sheoladh.



CÉ A FHEICFIDH D'AIGHNEACHT?

Beidh d'aighneacht infheicthe ag aon duine ar mhaith leis/léi í a fheiceáil. Déanfaimid na haighneachtaí uile a gheobhaimid, lena n-áireofar iad sin a gheofar tríd an bpost, a chur ar thairseach comhairliúcháin Chomhairle Contae Fhine Gall (www.consult.fingal.ie) laistigh de 10 lá ó iad a fháil. Tabharfaimid ainm an duine aonair nó na heagraíochta a rinne an aighneacht freisin. Bainfimid aon mhionsonraí aitheantais eile amhail do sheoladh. Déanfaimid é sin chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.